# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA **2006**

# EALAÍN

SCEITSEÁIL BEO-ÁBHAIR

**GNÁTHLEIBHÉAL**

Tá 50 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 12.5% de na marcanna iomlána ar Ealaín.

**Dé hAoine, 5 Bealtaine, TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 3.00**

Tá an páipéar seo le tabhairt d'iarrthóirí **Dé hAoine, 28 Aibreán**

**Treoracha do Mhúinteoirí agus d'Fheitheoirí**

Dhá sceitse den chuspa atá sa scrúdú. Staidiúir cúig nóiméad déag atá sa chéad cheann. Líníocht a gcuirfear bailchríoch níos iomláine uirthi agus a thógfaidh timpeall tríocha nóiméad atá sa dara ceann.

**Ní mór don chuspa a bheith gléasta in éide a bhfuil muinchillí fada air agus pócaí ann, seaicéad, barr culaith spóirt, nó lomra (*fleece*), mar shampla.**

**Tá na frapaí seo a leanas riachtanach:**

- □ **Nuachtán fillte don chéad staidiúir**
- □ **Cathaoir agus caipín *baseball* don dara staidiúir**

Le linn an scrúdaithe beidh sé de chead ag an gcuspa idir a deich agus cúig nóiméad déag san iomlán a ghlacadh mar thréimhsí sosa. Is féidir babhtaí sosa a eagrú mar a oireann. Beidh siad sin san áireamh san uair an chloig iomlán atá ceadaithe don scrúdú.
Tá cead ag iarrthóirí leanúint lena gcuid oibre ar an líníocht le linn thréimhsí sosa an chuspa.
Deichniúr iarrthóirí ar a mhéid a cheadaítear i mbun líníochta le cuspa amháin.
Ba chóir ligean d'iarrthóirí suí níos cóngaraí don chuspa agus an dara staidiúir ar siúl, más mian leo sin.

## Treoracha d'Iarrthóirí

Iarrtar ort **dhá** líníocht a dhéanamh den chuspa mar seo a leanas:

(a) Staidiúir 15 nóiméad atá sa chéad cheann a bhfuil cur síos air sa scrúdpháipéar seo (Staidiúir A) agus ní mór líníocht den fhíor iomlán a dhéanamh.

(b) Líníocht agus bailchríoch níos iomláine uirthi a bheidh sa dara ceann a bhfuil cur síos air sa scrúdpháipéar seo (Staidiúir B) a thógfaidh 30 nóiméad. Is féidir an fhíor iomlán a roghnú **nó** an cloigeann agus na guaillí/leathfhíor.

N.B. Má roghnaíonn tú an cloigeann agus na guaillí/leathfhíor meabhraítear duit nach leor an cloigeann agus an muineál amháin a tharraingt. Ní mór an staidiúir a tharraingt mar atá sé socraithe, agus an cloigeann, an muineál, na guaillí agus na géaga uachtair ar a laghad a bheith san áireamh.

Ní mór an líníocht a dhéanamh ó bhreathnú go díreach ar an gcuspa.

Tá cead agat leanúint leis an obair ar an líníocht le linn thréimhsí sosa an chuspa.

Méid an pháipéir: A2

Más mian leat páipéar éagsúil a úsáid seachas an páipéar a thugtar duit, ní mór don fheitheoir cúl na bileoige a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú á dheimhniú go bhfuil sí folamh.

Ní mór bileog ar leith a úsáid do gach staidiúir.

Scríobh do scrúduimhir agus an leibhéal atá i gceist go soiléir ar gach bileog líníochta.

Is féidir aon mheán líníochta oiriúnach a úsáid, agus dath san áireamh. Ní mór don mheán triomú go tapa, ámh.

Is féidir an cúlra a chur in iúl.

Ná déan do shaothar críochnaithe a bhearradh ná a fheistiú.

## Staidiúir A – Achar ama 15 nóiméad 20 marc

***Tá an cuspa ina s(h)easamh agus***

- Na cosa scartha
- An meáchan anuas ar an gcromán clé
- An ghlúin chlé lúbtha, an chos dheas beagáinín chun tosaigh, iompaithe deiseal de bheagán
- An lámh chlé i bpóca an tseaicéid agus an nuachtán fillte idir géag na láimhe clé agus an cholainn
- An lámh dheas sínte síos feadh na leise
- An aghaidh ag féachaint chun cinn

## Staidiúir B - Achar ama 30 nóiméad 30 marc

***Tá an cuspa ina s(h)uí in airde ar chathaoir agus***

- An cloigeann ag féachaint chun cinn agus caipín *baseball* air, an fheirc iompaithe siar
- Géaga na lámh fillte ar a chéile
- Na cosa sínte, na rúitíní trasna ar a chéile, deas thar clé

**Leathanach Bán**